Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2024/2081(INI)

16.12.2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

ar chearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2024
(2024/2081(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Abir Al-Sahlani

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne in iúl don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 15

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015 agus, go háirithe, do spriocanna 1, 4, 5, 8, 10 agus 16 de,	– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015 agus, go háirithe, do spriocanna 1, ***3,*** 4, 5, 8, 10 agus 16 de,

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 24 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Comhionannas LGBTIQ, 2020-2025,

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 48 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2024 ar an timpeallacht dhiansmachtúil san Afganastáin, lena n-áirítear básuithe poiblí agus foréigean in aghaidh na mban[1a],

[1a] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2024)0160.

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 48 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Thorthaí an Choiste um Idirdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú maidir le dlí ginmhillte na Polainne (2024/2867(RSP)),

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
A. de bhrí go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna na hurraime do dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus na hurraime do chearta an duine, mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE; de bhrí go bhfuil gníomhaíocht AE ar fud an domhain á treorú ag uilíochas agus doroinnteacht chearta an duine agus ós rud é go bhfuil caomhnú agus cosaint éifeachtach chearta an duine agus an daonlathais i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais;	A. de bhrí go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna na hurraime do dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus na hurraime do chearta an duine, mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE; ***de bhrí go neartaítear tiomantas an Aontais do na luachanna sin trí chomhionannas inscne a chur chun cinn agus trí thacú le cearta na mban, go háirithe dóibh siúd i gceantair thuaithe, thearcfhorbartha agus iargúlta***; de bhrí go bhfuil gníomhaíocht AE ar fud an domhain á treorú ag uilíochas agus doroinnteacht chearta an duine agus ós rud é go bhfuil caomhnú agus cosaint éifeachtach chearta an duine agus an daonlathais i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais;

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin

Aithris C

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
C. de bhrí gurb iad na córais dhaonlathacha na córais is oiriúnaí chun a ráthú go mbeidh gach duine in ann lántairbhe a bhaint as a gcearta daonna; de bhrí gurb é iltaobhachas riailbhunaithe an córas eagraithe is fearr chun daonlathais a chosaint;	C. de bhrí gurb iad na córais dhaonlathacha ***an t-aon chineál córais a chinntíonn*** go mbeidh gach duine ábalta lántairbhe a bhaint as a gcearta daonna; de bhrí gurb é iltaobhachas riailbhunaithe an córas eagraithe is fearr chun daonlathais a chosaint;

Leasú 7
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris E

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
E. de bhrí go bhfuil teacht chun cinn an údarásaíochais, an mhíliobrálachais agus an phobalachais ag bagairt ar an ord domhanda riailbhunaithe, ar chosaint agus ar chur chun cinn chearta an duine sa domhan, chomh maith leis na luachanna agus na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe;	E. de bhrí go bhfuil teacht chun cinn an údarásaíochais, an mhíliobrálachais agus an phobalachais, ***an frithradadh i gcoinne an chomhionannais inscne agus na gceart bunúsach, lena n-áirítear cearta na mban, agus an reitric homafóbach agus frith-thras atá ag méadú,*** ag bagairt ar an ord domhanda riailbhunaithe, ar chosaint agus ar chur chun cinn chearta an duine sa domhan, ***cosaint ar chomhdheiseanna,*** chomh maith leis na luachanna agus na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe;

Leasú 8

Dréacht-tairiscint i gcomhair rúin
Aithris E a (nua)

Dréacht-tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ea. de bhrí go mbreathnaítear ar Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising mar chor cinniúnach don chlár oibre domhanda ar chomhionannas inscne agus go ndéanfar ceiliúradh ar 30 bliain ó tháinig sé i bhfeidhm in 2025;

Leasú 9

Dréacht-tairiscint i gcomhair rúin
Aithris E b (nua)

Dréacht-tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Eb. de bhrí gur leag an Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a reáchtáladh i gCaireo in 1994 agus straitéis sláinte atáirgthe domhanda EDS ina dhiaidh sin béim ar cheart gach duine chun na caighdeáin is airde i sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a bhaint amach;

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris E c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ec. de bhrí go bhfuil comhionannas inscne ríthábhachtach chun sochaithe saora agus comhionanna a fhorbairt; de bhrí nach ráthaítear cearta daonna na mban, na gcailíní agus na ndaoine neamhdhénártha fós ar fud an domhain agus go bhfuil an spás d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe eagraíochtaí chearta na mban, eagraíochtaí dúchais agus pobail, ag laghdú in go leor tíortha;

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris G a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ga. de bhrí go ndearbhaíonn Coinbhinsiún Iostanbúl, ar tháinig an

	tAontas Eorpach isteach ann le déanaí, d'ainneoin nár dhaingnigh ach roinnt Ballstát é, go mbíonn sáruithe leanúnacha ar chearta an duine mar thoradh ar choinbhleachtaí armtha a dhéanann difear do phobail shibhialtacha, go háirithe mná, atá faoi réir éigniú forleathan nó córasach agus foréigean gnéasach, chomh maith leis an dlús féideartha ar fhoréigean inscnebhunaithe le linn coinbhleachtaí agus ina ndiaidh; de bhrí go sainmhínítear foréigean i gcoinne na mban sa Choinbhinsiún thuasluaite mar shárú ar chearta an duine;

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ha. de bhrí go gcosnaítear cearta gnéis agus atáirgthe (SRR) mar chearta an duine sa dlí idirnáisiúnta agus sa dlí Eorpach um chearta an duine, amhail sa Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus sa Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, sa Choinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW) agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus gur gné bhunriachtanach iad de sholáthar cuimsitheach cúraim sláinte; de bhrí gur cearta bunúsacha na mban iad cearta sláinte, go háirithe cearta sláinte gnéis agus atáirgthe(SRHR), agus gur cheart iad a fheabhsú agus nach gcaithfear iad a laghdú ar shlí ar bith ná iad a chúlghairm; de bhrí gur gné bhunriachtanach de dhínit an duine é feidhmiú SRHR agus go bhfuil dlúthbhaint aige le foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus le raon leathan de chearta eile an duine a bhaint

amach amhail ceart duine chun na beatha, sláinte, príobháideachas, slándáil an duine, neamh-idirdhealú, comhionannas os comhair an dlí agus saoirse ó chéastóireacht agus ó íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach;

Leasú 13
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris I

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
I. de bhrí gur comhpháirtithe ríthábhachtacha iad cosantóirí chearta an duine (CCDanna) agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) le hiarrachtaí an Aontais cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a choimirciú agus a chur chun cinn, chomh maith le coinbhleachtaí a chosc ar fud an domhain; de bhrí, a mhéid a bhaineann le hobair CCDanna agus ESSanna, go bhfuil níos mó cinsireachta á déanamh ag rialtais ar fud an domhain orthu, go bhfuil siad á gcur ina dtost agus á gciapadh; de bhrí go n-áirítear le hiompraíocht den sórt sin na bearta lena gcuimsítear cásanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail (SLAPPanna), beartais rialtais sriantacha, feachtais chlúmhillte, idirdhealú, imeaglú agus foréigean, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, fuadaigh, gabhálacha treallacha agus coinneáil; de bhrí go gclúdaíonn na hionsaithe ar CCDanna níos mó agus níos mó ar a dteaghlaigh agus ar a bpobail;	I. de bhrí gur comhpháirtithe ríthábhachtacha iad cosantóirí chearta an duine (CCDanna)***, gníomhaithe ar son chearta na mban*** agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) le hiarrachtaí an Aontais cearta an duine, ***comhdheiseanna,*** an daonlathas agus an smacht reachta a choimirciú agus a chur chun cinn, chomh maith le coinbhleachtaí a chosc ar fud an domhain; de bhrí, a mhéid a bhaineann le hobair CCDanna agus ESSanna, go bhfuil níos mó cinsireachta á déanamh ag rialtais ***agus gníomhaithe neamhstáit*** ar fud an domhain orthu, go bhfuil siad á gcur ina dtost agus á gciapadh; de bhrí go n-áirítear leis an iompraíocht sin na bearta lena gcuimsítear cásanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail (SLAPPanna), beartais rialtais sriantacha, feachtais chlúmhillte, idirdhealú, imeaglú agus foréigean, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, fuadaigh, gabhálacha treallacha agus coinneáil; de bhrí go gclúdaíonn na hionsaithe ar CCDanna níos mó agus níos mó ar a dteaghlaigh agus ar a bpobail; ***de bhrí go leanann banchosantóirí chearta an duine agus ESSanna a oibríonn ar chomhionannas inscne, cearta na mban agus sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe de bheith ag obair i spásanna atá ag laghdú i gcónaí agus iad i mbun a gcuid oibre ríthábhachtaí, chomh maith le bagairtí foréigin, ciaptha agus imeaglaithe á***

	ndéanamh orthu; de bhrí gur beart coiteann iad ionsaithe ar chearta na mban, ar chosantóirí chearta na mban, ar ghníomhaithe agus ar iriseoirí a úsáideann gníomhaithe frithdhaonlathacha chun an bonn a bhaint tuilleadh de chearta agus de shaoirsí san Aontas agus ar fud an domhain araon;

Leasú 14

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris I a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ia. de bhrí, i ráiteas comhpháirteach ar ócáid Lá Idirnáisiúnta Banchosantóirí Chearta an Duine, gur chuir roinnt rapóirtéirí speisialta na Náisiún Aontaithe i bhfios go láidir 'go bhfuil bacainní breise roimh banchosantóirí chearta an duine idirdhealú eacnamaíoch agus struchtúrach, chomh maith le dúshláin uathúla atá fréamhaithe in idirdhealú domhain in aghaidh na mban agus steiréitíopaí a bhaineann le hinscne agus gnéasacht atá leabaithe i sochaithe patrarcacha', agus, mar sin, gur cheart go mbeadh sé mar thosaíocht a sábháilteacht a áirithiú; de bhrí go ndeir ráiteas Mhná na Náisiún Aontaithe ar Lá Idirnáisiúnta Banchosantóirí Chearta an Duine an 29 Samhain 2022 'nach mór dúinn beatha agus obair bhanchosantóirí chearta an duine a chosaint go práinneach', 'go bhfuil a gceart chun páirt a ghlacadh agus a dtuairimí neamhspleácha a chur in iúl doshannta', agus go bhfuil sé ríthábhachtach 'timpeallacht a áirithiú a chumasaíonn a gcuid oibre, lena n-áirítear reachtaíocht a chosnaíonn iad agus a thacaíonn leo agus a thugann chun cuntais iad siúd a ionsaíonn iad';

Leasú 15
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris J a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ja. de bhrí, cé gur léiríodh go bhfuil tionchar diúltach ag teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear na meáin shóisialta agus an intleacht shaorga (IS), ar an daonlathas, ar chomhionannas inscne agus ar chearta an duine i gcoitinne, a bhfuil tionchar aige tionchar, mar shampla, ar thorthaí toghchán daonlathach, is féidir leo, áfach, ardán a thabhairt do ghníomhaithe, go háirithe gníomhaithe ban, nach mbeadh ábalta, murach sin, a gcúiseanna agus a rannpháirtíocht shibhialta a shaothrú; de bhrí go bhfuil sé mar aidhm ag Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta a glacadh le déanaí urraim do chearta an duine, don daonlathas, don chomhionannas inscne agus don smacht reachta a áirithiú agus córais IS á gcur i bhfeidhm; de bhrí go mbunaítear leis an gconradh sin creat dlíthiúil ina gcumhdaítear saolré iomlán chórais IS agus go dtugtar aghaidh ann ar rioscaí gaolmhara, amhail foréigean in aghaidh na mban, agus nuálaíocht fhreagrach á cur chun cinn ag an am céanna;

Leasú 16
Tairiscint i gcomhair rúin
Fo-cheannteideal 1

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
Dúshláin dhomhanda roimh an daonlathas agus cearta an duine	Dúshláin dhomhanda roimh an daonlathas, cearta an duine ***agus comhionannas inscne***

Leasú 17Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
1. ag athdhearbhú uilechoitinne agus dhodhealaitheacht chearta an duine agus na dínite ar cuid dhílis de gach duine í; ag athdhearbhú dhualgas AE agus a Bhallstát an daonlathas agus uilíocht chearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn ar fud an domhain;	1. ag athdhearbhú uilechoitinne agus dhodhealaitheacht chearta an duine agus na dínite ar cuid dhílis de gach duine í; ag athdhearbhú dhualgas AE agus a Bhallstát an daonlathas agus uilíocht chearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn ar fud an domhain; ***á chur i bhfáth gur bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne agus go bhfuil sé ar cheann dá phrionsabail choiteanna agus bhunúsacha;***

Leasú 18

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1a. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cearta na mban agus comhionannas deiseanna idir fir agus mná a chur chun cinn ar fud an domhain, ar rudaí iad atá ríthábhachtach chun cearta an duine a réadú; ag cur béim ar an bhfíoras gurb amhlaidh, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta, atá idirdhealú agus foréigean fós á bhfulaingt ag mná agus cailíní, go háirithe i dtíortha ina bhfuil dianchóras Ioslamach i bhfeidhm, agus go dteipeann ar na sochaithe sin cearta comhionanna faoin dlí agus rochtain chomhionann ar oideachas, ar chúram sláinte, ar obair chuibhiúil agus ar ionadaíocht pholaitiúil agus eacnamaíoch a sholáthar do mhná agus cailíní;

Leasú 19

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	1b. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht na mban i gcórais dhaonlathacha a neartú chun dul i ngleic leis an neamhréireacht in ionadaíocht na mban sa chinnteoireacht; á iarraidh go ndéanfadh an tAontas gníomhaíocht sheachtrach chun rannpháirtíocht níos fearr na mban sa pholaitíocht, sa ghnó agus sa tsochaí shibhialta a éascú;

Leasú 20Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
2. á áitiú nach mór d'urramú, cosaint agus comhlíonadh chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a bheith ina chuid lárnach de bheartas seachtrach an Aontais; ag moladh go láidir don Aontas, chuige sin, a dhícheall a dhéanamh tiomantas uaillmhianach leanúnach a bhaint amach chun go mbeidh cearta an duine mar chuid lárnach de bheartais uile an Aontais ar bhealach cuíchóirithe agus chun feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht idir beartas inmheánach agus beartas seachtrach an Aontais sa réimse sin;	2. á áitiú nach mór d'urramú, cosaint agus comhlíonadh chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a bheith ina chuid lárnach de bheartas seachtrach an Aontais; ag moladh go láidir don Aontas, chuige sin, a dhícheall a dhéanamh tiomantas uaillmhianach leanúnach a bhaint amach chun go mbeidh cearta an duine mar chuid lárnach de bheartais uile an Aontais***, lena n-áirítear comhaontuithe trádála***ar bhealach cuíchóirithe agus chun feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht idir beartas inmheánach agus beartas seachtrach an Aontais sa réimse sin;

Leasú 21
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
3. á chur i bhfáth nach mór don Aontas a bheith lán-ullmhaithe chun dul i ngleic leis an méadú ar an údarásaíochas, an míliobrálachas agus an pobalachas, chomh maith leis na hionsaithe méadaitheacha ar uilíocht chearta an duine, ar an daonlathas agus ar an dlí daonnúil	3. á chur i bhfáth nach mór don Aontas a bheith lán-ullmhaithe chun dul i ngleic leis an méadú ***scanrúil*** ar an údarásaíochas, an míliobrálachas agus an pobalachas***, an fhrithfhreagairt dhomhanda i gcoinne comhionannas inscne agus cearta bunúsacha, lena n-áirítear cearta na mban, agus an méadú***

idirnáisiúnta;	***ar reitric homafóbach agus frith-thrasna, lena mbaintear an bonn de chearta na ndaoine is leochailí***, chomh maith leis na hionsaithe méadaitheacha ar uilíocht chearta an duine, ar an daonlathas agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta; ***á thabhairt chun suntais idirspleáchas chearta na mban, an daonlathais agus an smachta reachta;***

Leasú 22
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
4. ag cáineadh na treochta méadaithí maidir le sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine agus ar phrionsabail dhaonlathacha agus luachanna daonlathacha ar fud an domhain, amhail gabhálacha treallacha agus coinneáil threallach, céasadh, dianteannadh ar an tsochaí shibhialta agus ar lucht freasúra polaitiúil, an iomarca úsáide a bhaint as foréigean ag údaráis phoiblí, cinsireacht agus bagairtí ar na meáin neamhspleácha, ionsaithe polaitiúla i gcoinne institiúidí idirnáisiúnta, agus úsáid mhéadaitheach na modhanna neamhdhleathacha cogaidh atá ina sárú tromchúiseach ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí um chearta an duine, i measc nithe eile; á chur in iúl gur saoth léi an lagú ar chosaint na n-institiúidí daonlathacha agus na bpróiseas daonlathach, agus laghdú an spáis do shochaithe sibhialta ar fud an domhain;	4. ag cáineadh na treochta méadaithí ar sháruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine agus ar phrionsabail dhaonlathacha agus luachanna daonlathacha ar fud an domhain, amhail gabhálacha agus coinneálacha treallacha, céasadh***, ciorrú ball giniúna ban***, dianteannadh ar an tsochaí shibhialta agus ar lucht freasúra polaitiúil, an iomarca úsáide a bhaint as foréigean ag údaráis phoiblí, cinsireacht agus bagairtí ar na meáin neamhspleácha, ionsaithe polaitiúla i gcoinne institiúidí idirnáisiúnta, agus úsáid mhéadaitheach na modhanna neamhdhleathacha cogaidh atá ina sárú tromchúiseach ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí um chearta an duine; á chur in iúl gur saoth léi an lagú ar chosaint na n-institiúidí daonlathacha agus na bpróiseas daonlathach, agus laghdú an spáis do shochaithe sibhialta ar fud an domhain***, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) cosantóirí agus iriseoirí, atá faoi bhagairt go háirithe agus atá dírithe go comhsheasmhach***; ***ag cáineadh, thairis sin, an chúlaithe leanúnaigh ar chearta an duine, go háirithe cearta na mban agus comhionannas inscne; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an cosc spriocdhírithe ar chearta na mban agus ar thionscnaimh chomhionannais inscne***

mar chuid den treocht sin;

Leasú 23
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4a. á chur in iúl gur saoth léi géarchéim an chomhionannais inscne agus an cur faoi chois leanúnach atá á dhéanamh ar mhná ar fud an domhain; ag cáineadh go hiomlán cos ar bolg leanúnach agus drochíde thromaí an Talaban ar mhná agus ar chailíní san Afganastáin, rud a bhain a gcearta bunúsacha daonna agus a rochtain ar shaoirsí bunúsacha díobh; á thabhairt chun suntais, go háirithe, an 'dlí moráltachta' a rinneadh le déanaí san Afganastáin ina scriostar mná ón saol poiblí go héifeachtach; ag seasamh i ndlúthpháirtíocht le mná agus cailíní na hAfganastáine agus in áiteanna eile; á iarraidh ar an Aontas oibriú chun cearta na mban a athbhunú agus a leathnú san Afganastáin agus ar fud an domhain; ag cáineadh bheartas millteach an apartheid inscne a chuir an Talaban chun feidhme san Afganastáin agus ag tathant ar na húdaráis de facto rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní sa saol poiblí a athbhunú láithreach bonn, go háirithe maidir le rochtain ar oideachas, ar chúram sláinte agus ar obair; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit apartheid inscne a aithint mar choir faoin dlí idirnáisiúnta chun an Afganastáin agus na daoine sin atá freagrach as an gcoir sin a thabhairt chun cuntais;

Leasú 24
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4b. ag cur béim ar an bhfíoras gur cearta bunúsacha an duine iad sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) nach mór seasamh leo ar fud an domhain agus i mBallstáit an Aontais agus á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na céimeanna ar gcúl domhanda sa chomhionannas inscne agus in SRHR; á athdhearbhú gur cineál foréigin inscnebhunaithe é diúltú seirbhísí cuimsitheacha sláinte gnéis agus atáirgthe ardcháilíochta a sholáthar; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé dea-shampla a thabhairt; ag tathant ar an Aontas tosaíocht a thabhairt do rochtain ar SRHR mar chuid de chearta an duine a chur chun cinn agus de spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach;

Leasú 25
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4c. á mheabhrú gur príomhphrionsabal faoi Phlean Gníomhaíochta Inscne III é sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) a chur chun cinn; á iarraidh go dtacófaí le cosantóirí chearta an duine agus ESSanna a mholann agus a éascaíonn rochtain ar SRHR, a bhfuil a n-iarrachtaí faoi bhagairt níos mó agus níos mó ag an laghdú spáis don tsochaí shibhialta; á iarraidh go seachnófaí cásanna amhail ciontú Justyna Wydrzynska sa Pholainn i Márta 2023; á thabhairt chun suntais gur gá cabhair dhaonnúil a bheith íogair ó thaobh inscne de chun a áirithiú go sroicheann sí na daoine is leochailí; ag moladh go mbeadh rochtain uilíoch ar sheirbhísí SRHR, go háirithe pleanáil chuimsitheach teaghlaigh, frithghiniúint, faisnéis neamhchlaonta, cúram réamhbhreithe, breithe agus iarbhreithe,

	chomh maith le cúram VEID, lena n-áirítear cógas próifiolacsais réamhnochta agus iarnochta (PEP agus PrEP); ag cur béim ar an bhfíoras nach mór rochtain leanúnach a bheith ag mná agus cailíní ar SRHR le linn coinbhleachta agus easáitithe, lena n-áirítear seachadadh sábháilte, seirbhísí pleanála teaghlaigh, ginmhilleadh dlíthiúil agus sábháilte, agus bainistiú cliniciúil ar éigniú; á iarraidh go leithdháilfí cistí do sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe atá bunriachtanach agus a shábhálann beatha daoine, i gcomhréir le Pacáiste Íosta Seirbhísí Tosaigh na Náisiún Aontaithe;

Leasú 26
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4d. á chur in iúl gur cúis bhuartha di leitheadúlacht dhomhanda an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna ban, póstaí leanaí agus éigeantais, feimeamharuithe, foréigean 'onóra', agus gáinneáil ar mhná agus ar chailíní; á iarraidh ar na gníomhaithe domhanda agus ar na Ballstáit cruachás na mban agus na gcailíní ar fud an domhain a ndéantar gáinneáil agus teacht i dtír gnéasach orthu a chomhrac go láidir; ag tacú leis na hiarrachtaí íospartaigh a tharrtháil agus a athshlánú agus ciontóirí fireanna agus baineanna a ionchúiseamh agus a athchóiriú go dian; á chur in iúl gur geal léi aontachas an Aontais do Choinbhinsiún Iostanbúl; á chur in iúl gur saoth léi cinneadh na Tuirce tarraingt siar ón gCoinbhinsiún – agus fanacht lasmuigh de; ag tathant ar Bhallstáit eile an Aontais – an Bhulgáir, an tSeicia, an Ungáir, an Liotuáin agus an tSlóvaic – an Coinbhinsiún a dhaingniú agus a fhorálacha a chur chun feidhme; á thabhairt chun suntais a

thábhachtaí atá sé foréigean inscnebhunaithe a aithint mar réimse coireachta faoi Airteagal 83(1) CFAE; á athdhearbhú go bhfuil éigniú fós ar cheann de na sáruithe is forleithne ar chearta an duine ar fud an domhain agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá reachtaíocht um éigniú atá bunaithe ar thoiliú agus oideachas cuimsitheach gnéasachta agus caidrimh ina leith sin agus á athdhearbhú gur gá éigniú ar bhonn na heaspa toilithe a choiriúlú faoi dhlí an Aontais; ag tathant go gcomhlíonfar an moladh ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe gur cheart tionscnamh faire feimeamharaithe[1a] a bhunú (i gcás nach ann dó cheana) chun faireachán a dhéanamh ar fheimeamharuithe agus chun aird a tharraingt orthu, mar acmhainn chun beartais a fheabhsú, agus chun aird a tharraingt ar mharú inscnebhunaithe na mban mar léirithe marfacha ar leanúntas an fhoréigin in aghaidh na mban; á éileamh go dtaifeadfar sonraí i staidreamh oifigiúil dúnbhásaithe;

[1a] WAVE, https://wave-network.org/wp-content/uploads/WAVE_CountryReport2023.pdf, p. 67.

Leasú 27

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 5

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
5. ag cur sonrú, agus é ina chúis mhór imní di, i ngéarchéim idirnáisiúnta leanúnach na cuntasachta agus i ndúshlán a bhaineann le deireadh a chur le saoirse ó phionós i gcás sáruithe ar noirm lárnacha an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí dhaonnúil i gcoinbhleachtaí atá ag titim amach faoi láthair ar fud an	5. ***á chur i bhfáth go bhfuil mná agus cailíní, lena n-áirítear daoine LGBTIQ+, níos leochailí i gcoinbhleachtaí; ag cáineadh chogadh na Rúise atá neamhdhleathach gan chúis i gcoinne na hÚcráine agus na n-iarmhairtí díréireacha atá ann do mhná agus do chailíní; ag aithint mhisneach na mban***

domhain;	***atá ag feidhmiú sa chéad líne chosanta ar an láthair; á iarraidh go dtabharfaí an Rúis chun cuntais as gach sárú ar chearta an duine i gcoinne na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear gach cás maidir le foréigean inscnebhunaithe amhail foréigean gnéasach, gáinneáil ar dhaoine agus éigniú, ach gan a bheith teoranta dóibh sin; á iarraidh go ráthófaí rochtain ar cheartas do gach íospartach;*** ag cur sonrú***, ina theannta sin,*** agus é ina chúis mhór imní di, i ngéarchéim idirnáisiúnta leanúnach na cuntasachta agus i ndúshlán a bhaineann le deireadh a chur le saoirse ó phionós i gcás sáruithe ar noirm lárnacha an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí dhaonnúil i gcoinbhleachtaí atá ag titim amach faoi láthair ar fud an domhain***, as a n-eascraíonn sáruithe ar chearta na mban agus na gcailíní agus limistéir a bheith ann i gcónaí ina gcuirtear iallach ar chailíní agus ar mhná pósadh gan a dtoiliú, nó ina ndéanann gáinneálaithe ar dhaoine gáinneáil ar striapachas nó ar shaothar éigeantais***;

Leasú 28
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
6. ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, go bhfuil ‘gnéithe dearfacha maidir le cearta an duine’ ann freisin i gcomhthéacs sin na ndúshlán mór do chearta an duine ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cumarsáid níos straitéisí maidir le cearta an duine agus daonlathas trí nuacht faoi thorthaí dearfacha, beartais agus dea-chleachtais a scaipeadh; ag tacú leis an tionscnamh Dea-scéalta faoi Chearta an Duine mar bhealach chun dea-scéalta faoi chearta an duine a chur chun cinn;	6. ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, go bhfuil ‘gnéithe dearfacha maidir le cearta an duine’ ann freisin i gcomhthéacs sin na ndúshlán mór do chearta an duine ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cumarsáid níos straitéisí maidir le cearta an duine agus daonlathas trí nuacht faoi thorthaí dearfacha, beartais agus dea-chleachtais a scaipeadh; ag tacú leis an tionscnamh Dea-scéalta faoi Chearta an Duine[9] mar shlí chun dea-scéalta faoi chearta an duine a chur chun cinn; ***á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé obair chosantóirí agus ghníomhaithe chearta na mban a aithint, a cheiliúradh agus a chur chun cinn; ag***

	tacú le bronnadh Dhuais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta ag Parlaimint na hEorpa, ag tabhairt dá haire gur bronnadh í ar ghníomhaithe ban ar son an daonlathais agus chearta an duine sa dá eagrán dheireanacha, amhail Jina Mahsa Amini agus gluaiseacht agóide na hIaráine 'Mná, Saol, Saoirse' in 2023, agus María Corina Machado, ceannaire fhórsaí daonlathacha Veiniséala, in 2024;
[9] https://goodhumanrightsstories.net/.	[9] https://goodhumanrightsstories.net/.

Leasú 29

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
7. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an deighilt ar fud an domhain ag dul i méid; á chur i bhfáth go bhfuil freagracht ar AE leanúint de luachanna daonlathacha agus prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine, an tsíocháin agus an dínit a chosaint ar fud an domhain, ar luachanna agus prionsabail iad atá níos tábhachtaí fós a chosaint i staid mhíshocair na polaitíochta domhanda atá ann faoi láthair; á iarraidh ar an Aontas bealaí cumarsáide a choinneáil ar oscailt le geallsealbhóirí éagsúla agus leanúint de shraith chuimsitheach a fhorbairt chun cearta an duine agus an daonlathas a neartú ar fud an domhain;	7. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an deighilt ***eacnamaíoch, oideachais, cultúrtha, sóisialta agus teicneolaíoch*** ar fud an domhain ag dul i méid; á chur i bhfáth go bhfuil freagracht ar AE leanúint de luachanna daonlathacha agus prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine, an tsíocháin agus an dínit a chosaint ar fud an domhain, ar luachanna agus prionsabail iad atá níos tábhachtaí fós a chosaint i staid mhíshocair na polaitíochta domhanda atá ann faoi láthair; á iarraidh ar an Aontas bealaí cumarsáide ***agus idirbheartaíochta*** a choinneáil ar oscail***t, más gá,*** le geallsealbhóirí éagsúla agus leanúint de shraith chuimsitheach a fhorbairt chun cearta an duine agus an daonlathas a neartú ar fud an domhain;

Leasú 30
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 27

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
27. á chur i bhfáth go bhfuil cearta na mban agus comhionannas inscne fíor-riachtanach agus doroinnte, chomh maith le bheith ina mbonn don smacht reachta agus do dhaonlathais chuimsitheacha athléimneacha; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil idirdhealú agus foréigean fós á bhfulaingt ag na milliún ban agus cailíní, go háirithe i gcomhthéacs coimhlintí, agus go ndiúltaítear dá ndínit, dá neamhspleáchas agus fiú dá saol; á iarraidh go ndéanfadh an tAontas, a Bhallstáit agus comhpháirtithe atá ar aon intinn leo dlús a chur lena n-iarrachtaí chun a áirithiú go mbainfidh mná agus cailíní leas iomlán as a gcearta daonna agus go ndéanfar iad a chosaint; ag cáineadh go láidir na n-ionsaithe méadaitheacha ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe ar fud an domhain, chomh maith le foréigean inscnebhunaithe; á chur in iúl gur geal léi aontachas an Aontais do Choinbhinsiún Iostanbúl; á iarraidh ar an Aontas agus ar a chomhpháirtithe idirnáisiúnta a n-iarrachtaí a neartú chun a áirithiú go mbainfidh mná lántairbhe as a gcearta daonna agus go gcaithfear go cothrom le fir iad; á chur i bhfáth gur gá leanúint de na hiarrachtaí chun an cleachtas faoina ndéantar ciorrú ball giniúna ban a dhíothú go hiomlán;	27. á chur i bhfáth go bhfuil cearta na mban agus comhionannas inscne fíor-riachtanach agus doroinnte, mar bhonn don smacht reachta agus do dhaonlathais chuimsitheacha athléimneacha ***agus croíluach den Aontas agus ceann dá phrionsabail choiteanna agus bhunúsacha***; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil idirdhealú agus foréigean fós á bhfulaingt ag na milliún ban agus cailíní, go háirithe i gcomhthéacs coimhlintí, ***cásanna iarchoimhlintí agus díláithriú,*** agus go ndiúltaítear dá ndínit, dá neamhspleáchas, dá nguth***, dá ngníomhaireacht*** agus fiú dá saol; ***ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní ar leith di, go bhfuil mná ó phobail imeallaithe, ó cheantair thuaithe agus thearcfhorbartha, agus iad siúd a thugann aghaidh ar chineálacha iomadúla agus trasnacha idirdhealaithe, an-leochaileach;*** á iarraidh go ndéanfadh an tAontas, a Bhallstáit agus comhpháirtithe atá ar aon intinn leo dlús a chur lena n-iarrachtaí chun a áirithiú go mbainfidh mná agus cailíní leas iomlán as a gcearta daonna agus go ndéanfar iad a chosaint; ag cáineadh go láidir ***gach saghas ionsaí*** ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) ar fud an domhain, chomh maith le foréigean inscnebhunaithe***, lena n-áirítear foréigean gnéasach a úsáid mar arm cogaidh***; ***á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit seasamh le SRHR mar chearta an duine, an ceart chun ginmhillte dhlíthiúil agus shábháilte a chumhdach i gCairt um Chearta Bunúsacha AE, agus tosaíocht a thabhairt do rochtain ar SRHR chun cearta an duine agus spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn;*** á chur in iúl gur geal léi aontachas an Aontais do Choinbhinsiún Iostanbúl ***agus á iarraidh ar na Ballstáit agus ar chomhaltaí Chomhairle na hEorpa nach ndearna amhlaidh go fóill, an Coinbhinsiún a dhaingniú; á chur i***

	dtábhacht a riachtanaí atá a chur chun feidhme go hiomlán gan mhoill; á iarraidh ar an Aontas agus ar a chomhpháirtithe idirnáisiúnta a n-iarrachtaí a neartú chun ***caighdeáin Choinbhinsiún Iostanbúl a scaipeadh ar fud na cruinne***agus a áirithiú go mbainfidh mná lántairbhe as a gcearta daonna agus ***comhionannas inscne a chur chun cinn ina ngníomhaíochtaí go léir***; á chur i bhfáth gur gá leanúint d'iarrachtaí chun ciorrú ball giniúna ban a dhíothú go hiomlán; ***á chur i bhfáth gur dlúthchuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais é comhionannas inscne agus SRHR a bhaint amach; á iarraidh go mbeadh abhcóideacht chomhsheasmhach ann i bhfóraim iltaobhacha agus dhéthaobhacha chun cearta agus cosaintí comhionanna na mban agus na gcailíní a áirithiú ar fud an domhain;***

Leasú 31

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7a. á chur i bhfáth gurb é an t-oideachas an túsphointe chun prionsabail agus luachanna a chuireann le forbairt phearsanta leanaí a chothú, chomh maith le comhtháthú sóisialta agus an daonlathas, agus an smacht reachta ar fud an domhain; chuige sin, á iarraidh ar an Aontas a luachanna a chur chun cinn trí thacú le rochtain ar oideachas agus ar fhoghlaim do mhná agus do chailíní;

Leasú 32

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

8. á thabhairt faoi deara go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag AE agus a Bhallstáit chun plean gníomhaíochta an Aontais maidir le cearta an duine agus an daonlathas a chur chun feidhme, cé nár bhain siad a spriocanna uile amach, go háirithe mar gheall ar na dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo sa domhan ón uair a glacadh é; á chur in iúl gur geal léi, sa chiall sin, gur cuireadh síneadh leis an bplean gníomhaíochta go dtí 2027, d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as na sineirgí agus as an gcomhlántacht idir cearta an duine agus an daonlathas ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda;	8. á thabhairt faoi deara go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag AE agus a Bhallstáit chun plean gníomhaíochta an Aontais maidir le cearta an duine agus an daonlathas a chur chun feidhme, cé nár bhain siad a spriocanna uile amach, go háirithe mar gheall ar na dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo sa domhan ón uair a glacadh é***, agus mar sin á thabhairt dá haire an méid atá fós le déanamh***; á chur in iúl gur geal léi, sa chiall sin, gur cuireadh síneadh leis an bplean gníomhaíochta go dtí 2027, d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as na sineirgí agus as an gcomhlántacht idir cearta an duine agus an daonlathas ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda;

Leasú 33
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
10. ag meabhrú ról bunúsach na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear a clár téamach um chearta an duine agus an daonlathas, mar ionstraim shuaitheanta an Aontais i gcur chun cinn agus i gcosaint chearta an duine agus an daonlathais ar fud an domhain; á thabhairt chun suntais gur gá dul i dteagmháil leis an tsochaí shibhialta i ngníomhaíochtaí seachtracha ábhartha uile AE; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine in ionstraimí gníomhaíochta seachtraí AE a shruthlíniú; ag leagan béim ar ról na Parlaiminte i bpróiseas clársceidealaithe na hionstraime agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) an fhaisnéis ábhartha uile a chomhroinnt go tráthúil chun go mbeidh ar chumas na Parlaiminte tabhairt faoina ról dá réir sin, go háirithe le linn idirphléití geopholaitiúla	10. ag meabhrú ról bunúsach na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta ***(ICFCI)*** – an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear a clár téamach um chearta an duine agus an daonlathas, mar ionstraim shuaitheanta an Aontais i gcur chun cinn ***comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní*** agus i gcosaint chearta an duine agus an daonlathais ar fud an domhain; á thabhairt chun suntais gur gá dul i dteagmháil leis an tsochaí shibhialta i ngníomhaíochtaí seachtracha ábhartha uile AE; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine in ionstraimí gníomhaíochta seachtraí AE a shruthlíniú; ag leagan béim ar ról na Parlaiminte i bpróiseas clársceidealaithe na hionstraime agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) an fhaisnéis ábhartha uile a chomhroinnt go tráthúil chun go mbeidh ar chumas na

ardleibhéil leis an gCoimisiún;	Parlaiminte tabhairt faoina ról dá réir sin, go háirithe le linn idirphléití geopholaitiúla ardleibhéil leis an gCoimisiún; ***á mheabhrú go gcuireann ICFCI – an Eoraip Dhomhanda comhionannas inscne, cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, agus neamh-idirdhealú ar aon fhoras chun cinn, trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe agus comhtháite, ar cheart go mbeadh comhionannas inscne mar phríomhchuspóir nó mar chuspóir suntasach ag 85% díobh ar a laghad mar a shainmhínítear i marcóir beartais comhionannais inscne Choiste Cúnaimh Forbartha ECFE;***

Leasú 34

Dréacht-tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13

Dréacht-tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
13. á chur in iúl gur geal léi úsáid mheadaitheach GHRSR AE mar phríomhuirlis pholaitiúil i gcosaint AE maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar fud an domhain; ag cur sonrú, áfach, sna dúshláin a bhaineann le ceanglas aontoilíochta i nglacadh smachbhannaí agus á iarraidh an athuair go dtabharfar isteach vótáil trí thromlach cáilithe le haghaidh cinntí maidir le GHRSR; ag tacú go hiomlán leis an bhféidearthacht smachtbhannaí spriocdhírithe frith-éillithe a fhorchur laistigh de chreat AE i ndáil leis sin, ar tosaíocht sheanbhunaithe de chuid na Parlaiminte é, cibé acu trína áireamh in GHRSR nó faoi chóras eile; á thabhairt chun suntais gur gá smachtbhannaí a fhorfheidhmiú go hiomlán agus á iarraidh go rachfaí i ngleic le himchéimnithe;	13. á chur in iúl gur geal léi úsáid mhéadaitheach GHRSR AE mar phríomhuirlis pholaitiúil i gcosaint AE maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar fud an domhain, ***lena n-áirítear na smachtbhannaí a gearradh le déanaí ar dhaoine aonair atá freagrach as foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe córasach agus forleathan***; ag cur sonrú, áfach, sna dúshláin a bhaineann le ceanglas aontoilíochta i nglacadh smachbhannaí agus á iarraidh an athuair go dtabharfar isteach vótáil trí thromlach cáilithe le haghaidh cinntí maidir le GHRSR; ag tacú go hiomlán leis an bhféidearthacht smachtbhannaí spriocdhírithe frith-éillithe a fhorchur laistigh de chreat AE i ndáil leis sin, ar tosaíocht sheanbhunaithe de chuid na Parlaiminte é, cibé acu trína áireamh in GHRSR nó faoi chóras eile; á thabhairt chun suntais gur gá smachtbhannaí a fhorfheidhmiú go hiomlán agus á iarraidh go rachfaí i ngleic le himchéimnithe;

Leasú 35
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
14. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di na hionsaithe méadaitheacha atá á ndéanamh ag réimis údarásaíocha agus neamhliobrálacha ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar luachanna daonlathacha; á chur i bhfáth go bhfuil cosaint agus tacaíocht an daonlathais ar fud an domhain ag éirí níos mó agus níos mó mar leas geopholaitiúil agus straitéiseach; ag cur béim ar a thábhachtaí atá iarrachtaí na Parlaiminte maidir le fothú acmhainneachta do pharlaimintí comhpháirtíochta, idirghabháil a chur chun cinn agus cultúr idirphlé agus comhréitigh a spreagadh, go háirithe i measc ceannairí polaitiúla óga, agus parlaiminteoirí ban, CCDanna agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta agus ó na meáin neamhspleácha a chumhachtú; á athdhearbhú ar an gCoimisiún leanúint dá ghníomhaíochtaí sna réimsí sin agus iad a leathnú trí chistiú agus tacaíocht a mhéadú do chomhlachtaí, do ghníomhaireachtaí agus d'eagraíochtaí eile deontas-bhunaithe de chuid an Aontais; á chur i bhfáth a ríthábhachtaí atá sé tacú go díreach leis an tsochaí shibhialta agus le daoine a chuireann tuairimí easaontacha in iúl, go háirithe i bhfianaise an teannais dhomhanda agus an bhrú faoi chois atá ag dul i méid i líon méadaitheach tíortha; á athdhearbhú a thábhachtaí atá misin breathnóireachta toghcháin an Aontais agus rannchuidiú na Parlaiminte lena modheolaíocht a fhorbairt agus a fheabhsú; á iarraidh go mbeadh comhar feabhsaithe ann idir Grúpa Tacaíochta Daonlathais agus Comhordaithe Toghchán Pharlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireachtaí ábhartha an Choimisiúin	14. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di na hionsaithe méadaitheacha atá á ndéanamh ag réimis údarásaíocha agus neamhliobrálacha ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar luachanna daonlathacha; á chur i bhfáth go bhfuil cosaint agus tacaíocht an daonlathais ar fud an domhain ag éirí níos mó agus níos mó mar leas geopholaitiúil agus straitéiseach; ag cur béim ar a thábhachtaí atá iarrachtaí na Parlaiminte***, chomh maith le ról a thoscaireachtaí agus toscaireachtaí eile AE*** i bhfothú acmhainneachta do pharlaimintí comhpháirtíochta, idirghabháil a chur chun cinn agus cultúr idirphlé agus comhréitigh a spreagadh, go háirithe i measc ceannairí polaitiúla óga, ***rochtain na mban ar rannpháirtíocht pholaitiúil a chur chun cinn, in institiúidí agus go poiblí, i réimsí comhlachais agus sibhialta*** agus parlaiminteoirí ban, CCDanna agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta agus ó na meáin neamhspleácha a chumhachtú; ***á mheabhrú a thábhachtaí atá obair na ngníomhaithe, go háirithe le linn cearta bunúsacha a chosaint agus go háirithe iad siúd is mó atá faoi ionsaí, amhail cearta na mban, na mionlach agus daoine LGBTQIA+***; á athdhearbhú ar an gCoimisiún leanúint dá ghníomhaíochtaí sna réimsí sin agus iad a leathnú trí chistiú agus tacaíocht a mhéadú do chomhlachtaí, do ghníomhaireachtaí agus d'eagraíochtaí eile deontas-bhunaithe de chuid an Aontais; á chur i bhfáth a ríthábhachtaí atá sé tacú go díreach leis an tsochaí shibhialta agus le daoine a chuireann tuairimí easaontacha in iúl, go háirithe i bhfianaise an teannais dhomhanda agus an bhrú faoi chois atá ag dul i méid i líon méadaitheach

agus SEGS;	tíortha; á athdhearbhú a thábhachtaí atá misin breathnóireachta toghcháin an Aontais agus rannchuidiú na Parlaiminte lena modheolaíocht a fhorbairt agus a fheabhsú; á iarraidh go mbeadh comhar feabhsaithe ann idir Grúpa Tacaíochta Daonlathais agus Comhordaithe Toghchán Pharlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireachtaí ábhartha an Choimisiúin agus SEGS; ***á iarraidh ar AE saincheisteanna comhionannais inscne a tharraingt anuas, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, le tíortha nach bhfuil san Aontas; á iarraidh go dtabharfaí breis feiceálachta d'idirphléití chearta an duine, lena n-áiritheofar go mbeidh siad dírithe ar thorthaí agus bunaithe ar shraith shoiléir tagarmharcanna lena gcumasófar faireachán éifeachtach, lena n-áirítear trí chomhairliúchán éifeachtach ex ante agus ex post leis an tsochaí shibhialta agus trí phreasráitis chomhpháirteacha a fhoilsiú agus trí ghníomhaíochtaí leantacha oiriúnacha a dhéanamh;***

Leasú 36

Tairiscint i gcomhair rúin
Fo-cheannteideal 10

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
Tacaíocht AE do chosantóirí chearta an duine	Tacaíocht AE do chosantóirí chearta an duine ***agus cosantóirí sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR)***

Leasú 37
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 15

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
15. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an srian leanúnach ar spás na sochaí sibhialta agus na bagairtí atá ag teacht chun cinn ar obair CCDanna, chomh maith lena	15. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an srian leanúnach ar spás na sochaí sibhialta agus na bagairtí atá ag teacht chun cinn ar obair CCDanna ***agus cosantóirí***

dteaghlaigh, lena bpobail agus lena ndlíodóirí, agus á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go háirithe na modhanna, atá ag éirí níos sofaisticiúla, a úsáidtear chun géarleanúint a dhéanamh orthu; ag tacú go hiomlán le hobair CCDanna agus le gníomhaíocht AE chun a gcosaint a áirithiú ar fud an domhain; á iarraidh go ndéanfadh an tAontas agus a Bhallstáit Treoirlínte AE maidir le CCDanna a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go comhsheasmhach; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí chun infheictheacht ghníomhaíochtaí agus bhealaí an Aontais a neartú chun CCDanna a chosaint agus chun tacú leo;

sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR), go háirithe mná, chomh maith lena dteaghlaigh, lena bpobail agus lena ndlíodóirí, agus á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go háirithe na modhanna, atá ag éirí níos sofaisticiúla, a úsáidtear chun géarleanúint a dhéanamh orthu; á chur in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán le hobair ***CCDanna agus chosantóirí SRHR*****,** agus gníomhaíocht AE chun a gcosaint a áirithiú ar fud an domhain; ***á athdhearbhú gur iarr sí ar an Aontas roimhe seo na bagairtí, na riachtanais agus na dúshláin inscneshonracha roimh chosantóirí ar chearta na mban (WHRDanna) a chur i gcuntas, agus ag tathant ar institiúidí an Aontais a ráthú go mbeidh rochtain acu ar shásraí cosanta sonracha, chomh maith le tacaíocht pholaitiúil agus breis tacaíochta airgeadais dírí a chur ar fáil; á chur in iúl gur saoth léi go leanann WHRDanna de bheith i mbaol sáruithe gan staonadh agus níos sofaisticiúla ina gcoinne; ag cáineadh na saoirse ó phionós lena ndéanann déantóirí coire sáruithe i gcoinne WHRDanna, sa réimse poiblí agus sa réimse príobháideach araon; á chur in iúl gur saoth léi gur minic a theipeann ar cheannairí polaitiúla WHRDanna a chosaint ar ghluaiseachtaí frithinscne cumhachtacha agus contúirteacha***; á iarraidh go ndéanfadh an tAontas agus a Bhallstáit Treoirlínte AE maidir le CCDanna a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go comhsheasmhach; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí chun infheictheacht ghníomhaíochtaí agus bhealaí AE a neartú chun CCDanna ***agus cosantóirí SRHR*** a chosaint agus chun tacú leo; ***á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht do CCDanna agus do ESSanna atá rannpháirteach i rochtain ar SRHR a chur chun cinn agus a éascú, a bhfuil a gcuid oibre faoi bhagairt ag an laghdú ar spás na sochaí sibhialta; á iarraidh ar an Aontas gealltanas a thabhairt cistiú do ghluaiseachtaí chearta na mban a mhéadú agus a chothú, lena n-áirítear faoi chuimsiú an Phlean***

Gníomhaíochta Inscne tar éis 2027;

Leasú 38

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
17. á athdhearbhú go bhfuil gá le comhar láidir idirnáisiúnta ar leibhéal iltaobhach chun urraim, cosaint agus comhlíonadh chearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról thar a bheith tábhachtach ag na Náisiúin Aontaithe agus ag a chomhlachtaí mar phríomhfhóram nach mór a bheith in ann na hiarrachtaí ar son na síochána agus na slándála, na forbartha inbhuanaithe agus na hurraime do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn go héifeachtach; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair na Náisiún Aontaithe, ar bhonn polaitiúil agus ar bhonn airgeadais araon; á athdhearbhú gur gá don Aontas agus dá Bhallstáit labhairt d'aon ghuth ag na Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim iltaobhacha eile; á iarraidh go mbeadh ról níos láidre ag toscaireachtaí an Aontais i bhfóraim iltaobhacha, ar cheart acmhainní iomchuí a bheith ar fáil dóibh;	17. á athdhearbhú go bhfuil gá le comhar láidir idirnáisiúnta ar leibhéal iltaobhach chun urraim, cosaint agus comhlíonadh chearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain; ***á chur i bhfáth go bhfuil críoch AE fós faoi fhorghabháil neamhdhleathach, agus go bhfuil iarmhairtí tubaisteacha aici ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta na mban***; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról thar a bheith tábhachtach ag na Náisiúin Aontaithe agus ag a chomhlachtaí mar phríomhfhóram nach mór a bheith in ann na hiarrachtaí ar son na síochána agus na slándála, na forbartha inbhuanaithe agus na hurraime do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn go héifeachtach; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair na Náisiún Aontaithe, ar bhonn polaitiúil agus ar bhonn airgeadais araon; á athdhearbhú gur gá don Aontas agus dá Bhallstáit labhairt d'aon ghuth ag na Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim iltaobhacha eile; á iarraidh go mbeadh ról níos láidre ag toscaireachtaí an Aontais i bhfóraim iltaobhacha, ar cheart acmhainní iomchuí a bheith ar fáil dóibh;

Leasú 39

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21a. á chur in iúl gur saoth léi, i bhfianaise thionchair inscneacha na

	gcoinbhleachtaí armtha, nach leor an fócas ná an tosaíocht a thugtar d'fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) ar fud fhreagairt dhaonnúil agus dídeanaithe an Aontais; ag aithint go ngéaraítear ar dhúshláin a bhaineann le SRHR agus inscne le linn géarchéimeanna daonnúla agus á mheabhrú, i gcriosanna géarchéime, go háirithe i measc grúpaí leochaileacha amhail dídeanaithe agus imircigh, go mbíonn mná agus cailíní go háirithe neamhchosanta ar fhoréigean gnéasach, galair ghnéas-tarchurtha, teacht i dtír gnéasach, éigniú mar arm cogaidh agus toirchis gan iarraidh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ardtosaíocht a thabhairt do chomhionannas inscne agus SRHR ina bhfreagairt don chabhair dhaonnúil, mar aon le cuntasacht agus rochtain ar cheartas agus sásamh as sáruithe ar chearta gnéis agus atáirgthe agus foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear ó thaobh oiliúna do ghníomhaithe daonnúla agus an chistithe reatha agus sa todhchaí;

Leasú 40

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21b. ag cáineadh an fhoréigin spriocdhírithe in aghaidh ban agus cailíní i gcásanna coinbhleachta armtha; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chinntitheach chun deireadh a chur leis an bhforéigean gnéasach mar arm cogaidh agus chun deireadh a chur le saoirse ó phionós na ndaoine ciontacha sna sáruithe sin ar chearta an duine; á iarraidh ar AE a áirithiú go mbeidh cúnamh daonnúil bunaithe ar

	mheasúnuithe ar riachtanais inscnefhreagrúla arna ndéanamh i gcomhairle le saineagraíochtaí um chearta na mban agus le heagraíochtaí eile na sochaí sibhialta a oibríonn le mná, le leanaí agus le grúpaí imeallaithe eile, lena n-áirítear daoine easáitithe ina dtír féin;

Leasú 41

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
22. ag aithint go bhféadfaí ailíniú níos láidre a dhéanamh i gcur chuige maidir le cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn idir ambasáidí na mBallstát agus toscaireachtaí AE i dtíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad; ag cur béim ar an deis atá ag ambasáidí na mBallstát ról níos gníomhaí a ghlacadh maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, agus tacú leis an tsochaí shibhialta sna tíortha sin ag an am céanna; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá freagracht chomhroinnte idir na Ballstáit agus toscaireachtaí AE sna hiarrachtaí sin; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí comhchoiteanna chun urraim, cosaint agus comhlíonadh chearta an duine a chur chun cinn agus chun tacú leis an daonlathas ar fud an domhain;	22. ag aithint go bhféadfaí ailíniú níos láidre a dhéanamh i gcur chuige maidir le cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn idir ambasáidí na mBallstát agus toscaireachtaí AE i dtíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad; ag cur béim ar an deis atá ag ambasáidí na mBallstát ról níos gníomhaí a ghlacadh maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, agus tacú leis an tsochaí shibhialta sna tíortha sin ag an am céanna; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá freagracht chomhroinnte idir na Ballstáit agus toscaireachtaí AE ***le tacaíocht ó thoscaireachtaí Pharlaimint na hEorpa,*** sna hiarrachtaí sin; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí comhchoiteanna chun urraim, cosaint agus comhlíonadh chearta an duine a chur chun cinn agus chun tacú leis an daonlathas ar fud an domhain;

Leasú 42
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 23

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
23. ag cáineadh aon ghnímh nó aon iarrachta ar chéastóireacht agus ar mhodhanna eile íde nó pionóis eile atá	23. ag cáineadh aon ghnímh nó aon iarrachta ar chéastóireacht agus ar mhodhanna eile íde nó pionóis eile atá

cruálach, mídhaonna nó táireach a dhlisteanú, a thionscnamh, a údarú, nó toiliú a thabhairt ina leith, in imthosca ar bith; ag cáineadh na dtuairiscí atá ag dul i méid ar an úsáid a bhaineann gníomhaithe stáit as céasadh i gcásanna coinbhleachta ar fud an domhain, agus á athdhearbhú gur de chineál neamh-inmhaolaithe é an ceart chun bheith saor ó chéasadh nó ó chineálacha eile íde atá mídhaonna nó táireach;	cruálach, mídhaonna nó táireach a dhlisteanú, a thionscnamh, a údarú, nó toiliú a thabhairt ina leith, in imthosca ar bith***, lena n-áirítear gníomhartha céastóireachta a dhíríonn go sonrach ar mhná agus ar chailíní; ag cur béim ar an bhfíoras, sa chomhthéacs sin, gur sárú tromaí ar a gcearta daonna é dídeanaithe ó choinbhleachtaí is íospartaigh foréigin ghnéasaigh a chosc ar rochtain a fháil ar chúram ginmhillte agus go bhféadfadh céasadh nó íde atá cruálach, mídhaonna nó táireach a bheith i gceist leis sin; á iarraidh go ndéanfaí athchóiriú ar dhlíthe sriantacha ginmhillte***; ag cáineadh na dtuairiscí atá ag dul i méid ar an úsáid a bhaineann gníomhaithe stáit as céasadh i gcásanna coinbhleachta ar fud an domhain, agus á athdhearbhú gur de chineál neamh-inmhaolaithe é an ceart chun bheith saor ó chéasadh nó ó chineálacha eile íde atá mídhaonna nó táireach; ***á iarraidh an athuair go ndaingneofaí go huilíoch an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach agus an Prótacal Roghnach a ghabhann leis agus an gá atá ann do stáit a bhforálacha náisiúnta a chur i gcomhréir lena ngealltanais idirnáisiúnta;***

Leasú 43
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 24

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
24. á mheabhrú gur ceart daonna é an ceart chun bia, lena n-áirítear rochtain fhisiceach agus eacnamaíoch ar bhia leordhóthanach nó ar na modhanna chun é a sholáthar; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na dúshláin a bhaineann leis an gceart chun bia ar fud an domhain, go háirithe i gcásanna cogaidh agus coinbhleachtaí; ag cur sonrú, agus é ina ábhar imní di, i méadú atá ag teacht ar na	24. á mheabhrú gur ceart daonna é an ceart chun bia, lena n-áirítear rochtain fhisiceach agus eacnamaíoch ar bhia leordhóthanach nó ar na modhanna chun é a sholáthar; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na dúshláin a bhaineann leis an gceart chun bia ar fud an domhain, go háirithe i gcásanna cogaidh agus coinbhleachtaí; ***á chur i bhfáth go mbíonn tionchair dhíréireacha ag ganntanais***

tuairiscí ar úsáid an bhia mar uirlis chogaidh i gcásanna coinbhleachta armtha; á iarraidh go ndéanfadh an tAontas agus a Bhallstáit treoirlínte éigeantacha a chur chun cinn maidir leis an gceart chun bia gan idirdhealú laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe;

bhia ar mhná agus ar chailíní mar gheall ar neamhionannais inscne atá ann cheana, rud is féidir an rochtain atá acu ar acmhainní agus ar chúnamh a theorannú; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil leanaí agus máithreacha a bhfuil leanaí ar a mbrollach acu i mbaol níos mó ocrais agus míchothaithe; ag cur sonrú, agus é ina ábhar imní di, i méadú atá ag teacht ar na tuairiscí ar úsáid an bhia mar uirlis chogaidh i gcásanna coinbhleachta armtha; á iarraidh go ndéanfadh an tAontas agus a Bhallstáit treoirlínte éigeantacha a chur chun cinn maidir leis an gceart chun bia gan idirdhealú laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe.

Leasú 44
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 25

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
25. á thabhairt chun suntais go bhfuil éifeachtaí díreacha ag an athrú aeráide agus ag a thionchar ar an gcomhshaol ar theachtadh éifeachtach chearta uile an duine; ag aithint obair thábhachtach ESSanna, daoine dúchasacha, CCDanna talún agus comhshaoil agus gníomhaithe dúchasacha chun timpeallacht ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe a chosaint; á chur in iúl gur saoth léi na rioscaí a bhíonn roimh CCDanna comhshaoil agus roimh ghníomhaithe dúchasacha agus á iarraidh go ráthófaí a gcosaint éifeachtach; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go bhfuil méadú ag teacht ar na bagairtí ar chomhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe a bhaineann le himscaradh arm ollscriosta agus cineálacha eile cogaíochta a dhéanann dochar agus díréireach don chomhshaol;	25. á thabhairt chun suntais go bhfuil éifeachtaí díreacha ag an athrú aeráide agus ag a thionchar ar an gcomhshaol ar theachtadh éifeachtach chearta uile an duine; ag aithint obair thábhachtach ESSanna, daoine dúchasacha, CCDanna talún agus comhshaoil agus gníomhaithe dúchasacha chun timpeallacht ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe a chosaint; á chur in iúl gur saoth léi na rioscaí a bhíonn roimh CCDanna comhshaoil agus roimh ghníomhaithe dúchasacha agus á iarraidh go ráthófaí a gcosaint éifeachtach; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go bhfuil méadú ag teacht ar na bagairtí ar chomhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe a bhaineann le himscaradh arm ollscriosta agus cineálacha eile cogaíochta a dhéanann dochar agus díréireach don chomhshaol; ***á chur i bhfáth go bhfuil éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus dhíghrádú an éiceachórais á n-iompar go díréireach ag na boicht, go háirithe mná, daoine óga,***

	daoine faoi mhíchumas, daoine ó mhionlaigh eile, pobail dhúchasacha agus pobail eile atá spleách ar acmhainní nádúrtha; ag aithint obair thábhachtach ESSanna, daoine dúchasacha, CCDanna talún agus comhshaoil agus gníomhaithe dúchasacha i dtimpeallacht ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe a chosaint; á chur in iúl gur saoth léi na rioscaí a bhíonn roimh CCDanna comhshaoil agus roimh ghníomhaithe dúchasacha agus á iarraidh go ráthófaí a gcosaint éifeachtach; ag cur béim ar an bhfíoras go ndéanann an t-athrú aeráide difear díréireach do mhná mar gheall ar neamhionannais inscne atá ann cheana a chuireann lena leochaileacht i gcomhthéacsanna socheacnamaíocha agus comhshaoil; á athdhearbhú go bhfuil géarghá le gníomhaíochtaí ar son na haeráide, lena n-áirítear an t-aistriú glas, chun déileáil le neamhionannais inscne láithreacha, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht agus ionadaíocht chothrom agus fhóinteach na mban sa ghníomhaíocht ar son na haeráide, i gceapadh beartas, agus i dteicneolaíochtaí nuálacha glasa agus glana a chur chun cinn;

Leasú 45
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 26

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
26. á iarraidh go mbeadh cur chuige córasach comhsheasmhach ann maidir le cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint trí bheartais sheachtracha uile an Aontais; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí níos comhbheartaithe chun urraim, cosaint agus comhlíonadh chearta an linbh a chur chun cinn i ngéarchéimeanna nó i gcásanna éigeandála; ag cáineadh na hurraime laghdaithe ar chearta an linbh agus na sáruithe agus na mí-úsáidí ar na cearta sin atá ag dul i méid, lena n-áirítear trí	26. á iarraidh go mbeadh cur chuige córasach comhsheasmhach ann maidir le cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint trí bheartais sheachtracha uile an Aontais; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí níos comhbheartaithe chun urraim, cosaint agus comhlíonadh chearta an linbh a chur chun cinn i ngéarchéimeanna nó i gcásanna éigeandála; ag cáineadh na hurraime laghdaithe ar chearta an linbh agus na sáruithe agus na mí-úsáidí ar na cearta sin atá ag dul i méid, ***a théann i bhfeidhm go***

fhoréigean, luathphósadh agus pósadh éigeantais, mí-úsáid ghnéasach lena n-áirítear ciorrú ball giniúna, gáinneáil, saothar leanaí, earcú saighdiúirí linbh, easpa rochtana ar oideachas agus ar chúram sláinte, míchothú agus fíorbhochtaineacht; ag cáineadh, thairis sin, an mhéadaithe ar bhás leanaí i gcásanna coinbhleachta armtha agus á chur i bhfáth gur gá cearta leanaí a chosaint go héifeachtach i gcogaíocht ghníomhach; á iarraidh an athuair go mbeadh cur chuige córasach comhsheasmhach ann maidir le cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint i mbeartais sheachtracha uile AE;	***staitistiúil ar chailíní agus ar mhná óga níos minice, lena n-áirítear trí fhoréigean, lena n-áirítear fhoréigean inscnebhunaithe***, luathphósadh agus pósadh éigeantais, mí-úsáid ghnéasach lena n-áirítear ciorrú ball giniúna, gáinneáil, saothar leanaí, earcú saighdiúirí linbh, easpa rochtana ar oideachas agus ar chúram sláinte, míchothú agus fíorbhochtaineacht; ag cáineadh, thairis sin, an mhéadaithe ar bhás leanaí i gcásanna coinbhleachta armtha agus á chur i bhfáth gur gá cearta leanaí a chosaint go héifeachtach i gcogaíocht ghníomhach; á iarraidh an athuair go mbeadh cur chuige córasach comhsheasmhach ann maidir le cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint i mbeartais sheachtracha uile AE; ***á thabhairt chun suntais ról an oideachais i bhforbairt leanaí agus daoine óga ar fud an domhain; á chur i bhfáth gur ceart daonna é rochtain ar oideachas gnéasachta agus caidrimh atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de agus gur príomhuirlis é chun idirdhealú inscnebhunaithe, foréigean agus dúshaothrú a chosc agus chun an t-eolas a thabhairt do dhaoine óga chun a sláinte a chosaint agus chun iad a chumhachtú;***

Leasú 46

Tairiscint i gcomhair rúin
Fo-cheannteideal 20

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
Cearta na mban agus comhionannas inscne	Cearta na mban, ***lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR)*** agus comhionannas inscne

Leasú 47
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 27 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	27 a. á chur i bhfáth go bhfuil oideachas agus faisnéis SRHR ar cheann de na príomhionstraimí chun na gealltanais a tugadh ar chomóradh 25 bliana na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a bhaint amach; ag cur béim ar an bhfíoras gur féidir le hoideachas agus faisnéis SRHR cur go suaithinseach le foréigean inscnebhunaithe agus gnéaschiapadh a laghdú; á chur i bhfáth go bhfuil oideachas gnéis agus caidrimh agus faisnéis gnéasachta atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de ríthábhachtach chun scileanna leanaí agus daoine óga a fhorbairt chun caidrimh shláintiúla, chomhionanna agus shábháilte a chruthú, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar noirm inscne, ar chomhionannas inscne, ar dhinimic chumhachta i gcaidrimh, ar thoiliú agus ar urraim do theorainneacha, agus go gcuireann sé le comhionannas inscne a shroicheadh; á iarraidh ar an Aontas, ar na Ballstáit agus ar a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta iarrachtaí a shaothrú chun rochtain ar oideachas SRHR agus gnéasachta atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus cuimsitheach a áirithiú, agus steiréitíopaí inscne agus noirm dhíobhálacha shochaíocha á ndíothú ag an am céanna, chomh maith le rochtain ar chúram cuimsitheach pleanála teaghlaigh a áirithiú, lena n-áirítear frithghiniúint, frithghiniúint éigeandála, faisnéis neamhchlaonta, cúram réamhbhreithe, breithe linbh agus iarbhreithe, seirbhísí torthúlachta, ginmhilleadh agus cóireáil shábháilte agus dhlíthiúil, agus cóireáil choisctheach, do gach saincheist a bhaineann leis an tsláinte ghnéasach, lena n-áirítear VEID, agus ar fhaisnéis do leanaí ar fud an domhain, lena gcuirtear freagracht chomhroinnte chun cinn i bpleanáil teaghlaigh agus lena dtacaítear

	le cearta agus folláine na mban;

Leasú 48

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 27 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	***27b. á chur i bhfios gur ceart daonna aitheanta é pá comhionann; á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go dtugtar luach cothrom don obair a dhéanann mná agus fir agus go bhfuil sé bunriachtanach deireadh a chur le hidirdhealú pá chun comhionannas inscne a bhaint amach; á iarraidh ar na Ballstáit an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá[1a] a chur chun feidhme go pras agus prionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur chun cinn;**
	[1a] Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe, IO L 132, 17.5.2023, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/970/oj.

Leasú 49

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 27 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	27c. ag cáineadh go láidir, bunaithe ar ráitis na Náisiún Aontaithe, gur mná agus leanaí iad na daoine is mó atá thíos le haon choinbhleacht armtha;

Leasú 50

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 28

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
28. ag cáineadh creimeadh chearta an duine agus shábháilteacht na ndídeanaithe, na n-iarrthóirí tearmainn agus na ndaoine atá easáitithe go héigeantach; á athdhearbhú a gcearta daonna doshannta agus a gceart bunúsach chun tearmann a lorg; á mheabhrú go bhfuil oibleagáid ar stáit iad a chosaint i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit seasamh go héifeachtach lena gcearta i mbeartas tearmainn agus imirce an Aontais agus i gcomhar AE le tíortha comhpháirtíochta i ndáil leis sin; á chur i bhfáth gur cheart don Aontas dlús a chur lena iarrachtaí bealaí a aithint agus a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce neamhrialta agus leis an easáitiú éigeantach, ag cur le hathléimneacht phobail bhunaidh na n-imirceach agus ag cabhrú leo an deis a thabhairt dá ndaoine saol cuibhiúil a bheith acu ina dtír dhúchais; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit leanúint dá dtacaíocht agus, i gcás inar féidir, dlús a chur lena dtacaíocht do na tíortha a bhfuil formhór na ndídeanaithe á n-óstáil acu, chomh maith leis na tíortha idirthurais; á athdhearbhú go bhfuil dlúthchomhar agus dlúth-rannpháirtíocht le tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad ríthábhachtach i gcónaí chun smuigleáil imirceach a chosc; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, gur den ríthábhacht é faisnéis a scaipeadh agus feachtais múscailte feasachta a bheith ann maidir leis na rioscaí a ghabhann le smuigléireacht; á	28. ag cáineadh creimeadh chearta an duine agus shábháilteacht na ndídeanaithe, na n-iarrthóirí tearmainn agus na ndaoine atá easáitithe go héigeantach; á athdhearbhú a gcearta daonna doshannta agus a gceart bunúsach chun tearmann a lorg; á mheabhrú go bhfuil oibleagáid ar stáit iad a chosaint i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit seasamh go héifeachtach lena gcearta i mbeartas tearmainn agus imirce an Aontais agus i gcomhar AE le tíortha comhpháirtíochta i ndáil leis sin; á chur i bhfáth gur cheart don Aontas dlús a chur lena iarrachtaí bealaí a aithint agus a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce neamhrialta agus leis an easáitiú éigeantach, ag cur le hathléimneacht phobail bhunaidh na n-imirceach agus ag cabhrú leo an deis a thabhairt dá ndaoine saol cuibhiúil a bheith acu ina dtír dhúchais; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit leanúint dá dtacaíocht agus, i gcás inar féidir, dlús a chur lena dtacaíocht do na tíortha a bhfuil formhór na ndídeanaithe á n-óstáil acu, chomh maith leis na tíortha idirthurais; á athdhearbhú go bhfuil dlúthchomhar agus dlúth-rannpháirtíocht le tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad ríthábhachtach i gcónaí chun smuigleáil imirceach a chosc; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, gur den ríthábhacht é faisnéis a scaipeadh agus feachtais múscailte feasachta a bheith ann maidir leis na rioscaí a ghabhann le smuigléireacht; á

iarraidh ar oibríochtaí daonnúla arna gcistiú ag an Aontas riachtanais agus leochaileachtaí sonracha leanaí a chur san áireamh agus a gcumhdach a áirithiú agus iad á n-easáitiú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé creat éifeachtach de chonairí sábháilte dlíthiúla chuig an Aontas a fhorbairt agus á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas[10], lena n-áirítear comhpháirtíochtaí tallainne a fhorbairt le tíortha comhpháirtíochta;	iarraidh ar oibríochtaí daonnúla arna gcistiú ag an Aontas riachtanais agus leochaileachtaí sonracha na leanaí ***agus na mban*** a chur san áireamh agus a gcumhdach a áirithiú agus iad á n-easáitiú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé creat éifeachtach de chonairí sábháilte dlíthiúla chuig an Aontas a fhorbairt agus á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas[10], lena n-áirítear comhpháirtíochtaí tallainne a fhorbairt le tíortha comhpháirtíochta;
[10] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas Eorpach (COM(2022)0657).	[10] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir le scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas Eorpach (COM(2022)0657).

Leasú 51
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 29

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
29. á chur in iúl gur saoth léi sáruithe chearta an duine, lena n-áirítear idirdhealú, géarleanúint, foréigean agus maruithe i gcoinne daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, neamhdhénártha, idirghnéasacha agus aiteacha (LGBTIQ+) ar fud an domhain; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di scaipeadh fuatha agus scéalta agus reachtaíochta frith-LGBTIQ+, a dhíríonn ar dhaoine LGBTIQ+ agus ar CCDanna; á iarraidh an athuair go ndéanfar an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025 a chur chun feidhme go hiomlán mar uirlis an Aontais chun feabhas a chur ar staid daoine LGBTIQ+ ar fud an domhain;	29. á chur in iúl gur saoth léi sáruithe ***leanúnacha ar*** chearta an duine, lena n-áirítear idirdhealú, géarleanúint, foréigean agus maruithe daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, neamhdhénártha, idirghnéasacha agus aiteacha (LGBTIQ+) ar fud an domhain; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an ***méadú*** ar an bhfuath agus ar scéalta agus reachtaíocht frith-LGBTIQ+ a dhíríonn ar dhaoine LGBTIQ+ agus ar CCDanna ***agus lena sriantar a gcearta agus a saoirsí bunúsacha a theachtadh, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, go háirithe an fhrithfhreagairt i roinnt Ballstát, amhail an Ungáir, ina mbaineann dlíthe frith-LGBTIQ+, amhail Gníomh LXXIX 2021 an bonn de chearta agus de shábháilteacht LGBTIQ+;*** á iarraidh an athuair go ndéanfar an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025 a

chur chun feidhme go hiomlán mar uirlis an Aontais chun feabhas a chur ar staid daoine LGBTIQ+ ar fud an domhain; ***ag cáineadh gach cineál foréigin, idirdhealaithe, stiogmataithe, géarleanúna, fuathchoireachta, fuathchainte, teiripí tiontaithe, ciorrú ball giniúna idirghnéasach agus foréigin ghnéasaigh i gcoinne daoine LGBTIQ+ san Aontas agus ar fud an domhain; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit na héagóracha sin a cháineadh agus gealltanas a thabhairt chun cearta, dínit agus sábháilteacht daoine LGBTIQ+ a chosaint; ag cáineadh, ina leith sin, cleachtais tiontaithe lena ndírítear ar dhaoine LGBTIQ+ atá dírithe ar chlaonadh gnéasach, féiniúlacht inscne agus/nó léiriú inscne a n-íospartaigh a athrú, a chosc nó a shochtadh; á iarraidh go ndéanfaí beartas uile-Aontais a chur chun feidhme chun cleachtais den chineál sin a thoirmeasc go dlíthiúil; ag cur béim ar na hábhair imní atá ag dul i méid i bpobail LGBTIQ+ agus ag tathant ar AE seasamh daingean a ghlacadh i gcoinne aon ghníomhaíochtaí reachtacha nó sóisialta a chuireann daoine LGBTIQ+ i mbaol;***

Leasú 52

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 29 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	29a. á éileamh, i bhfianaise an mhéadaithe ar reachtaíocht shriantach ar chearta LGBTIQ+ san Aontas agus lasmuigh de, go ráthófaí slite sábháilte chun tearmann a thairiscint do dhaoine LGBTIQ+ a ndéantar géarleanúint orthu, a ndéantar idirdhealú orthu nó atá faoi bhagairt ina dtíortha tionscnaimh;

Leasú 53
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 30

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
30. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na dúshláin a bhaineann le teachtadh iomlán chearta na ndaoine faoi mhíchumas; á iarraidh an athuair go gcabhródh an tAontas le tíortha comhpháirtíochta beartais a fhorbairt chun tacú le cúramóirí daoine faoi mhíchumas; á iarraidh ar an Aontas, ina bheartas seachtrach, chun úsáid a bhaint as an straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030 mar uirlis chun feabhas a chur ar staid daoine faoi mhíchumas, go háirithe maidir leis an mbochtaineacht agus leis an idirdhealú, ach freisin na fadhbanna a bhaineann le rochtain ar oideachas, ar chúram sláinte agus ar fhostaíocht, agus le rannpháirtíocht sa saol polaitiúil***;***	30. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na dúshláin a bhaineann le teachtadh iomlán chearta na ndaoine faoi mhíchumas; á iarraidh an athuair go gcabhródh an tAontas le tíortha comhpháirtíochta beartais a fhorbairt chun tacú le cúramóirí daoine faoi mhíchumas; ***á chur i bhfios go láidir go bhfuil riachtanais shonracha ag cailíní agus leanaí eile faoi mhíchumas ar fud an domhain, agus leas á bhaint as tionscnaimh reachtacha a rinneadh le déanaí amhail an Cárta Míchumais Eorpach do shaoránaigh AE agus do chónaitheoirí tíortha nach bhfuil san Aontas***; á iarraidh ar an Aontas, ina bheartas seachtrach, chun úsáid a bhaint as an straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030 mar uirlis chun feabhas a chur ar staid daoine faoi mhíchumas, go háirithe maidir leis an mbochtaineacht agus leis an idirdhealú, ach freisin na fadhbanna a bhaineann le rochtain ar oideachas, ar chúram sláinte agus ar fhostaíocht, agus le rannpháirtíocht sa saol polaitiúil***, saincheisteanna a mbíonn fíorchásanna d'il-idirdhealú mar thoradh orthu, i gcás ban faoi mhíchumas;***

Leasú 54

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 31

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
31. á iarraidh an athuair ar an Aontas agus ar a Bhallstáit bealaí nua a fhorbairt chun cearta daoine scothaosta a neartú, agus na dúshláin iomadúla atá rompu á gcur san áireamh, amhail idirdhealú bunaithe ar aois, bochtaineacht, foréigean	31. á iarraidh an athuair ar an Aontas agus ar a Bhallstáit slite ***agus cláir*** nua a fhorbairt chun cearta daoine scothaosta a neartú, agus na dúshláin iomadúla atá rompu á gcur i gcuntas, amhail idirdhealú bunaithe ar aois, bochtaineacht, foréigean

agus easpa cosanta sóisialta, cúram sláinte agus seirbhísí bunriachtanacha eile, chomh maith le bacainní ar fhostaíocht; á chur i bhfios go láidir gur ann d'obair Mheitheal Cheannoscailte na Náisiún Aontaithe maidir le hAosú i dtaobh ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí chun cosaint chearta an duine le haghaidh daoine scothaosta a neartú agus á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a machnamh a dhéanamh chun tacú go gníomhach leis an obair sin;	agus easpa cosanta sóisialta, ***rochtain theoranta*** ar chúram sláinte ***saor in aisce*** agus seirbhísí bunriachtanacha eile, ***go háirithe i limistéir thuaithe agus iargúlta nó bhochta***, chomh maith le bacainní ar fhostaíocht***, rud a fhágann go gcaillteartear saibhreas taithí is féidir a bheith chun leasa daoine óga ag tús a ngairmeacha beatha;*** á chur i bhfios go láidir gur ann d'obair Mheitheal Cheannoscailte na Náisiún Aontaithe maidir le hAosú i dtaobh ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí chun cosaint chearta an duine le haghaidh daoine scothaosta a neartú agus á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a machnamh a dhéanamh chun tacú go gníomhach leis an obair sin ***chomh maith le cur i bhfeidhm iarbhír sa reachtaíocht agus sa saol fíor araon***;

Leasú 55
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 32

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
32. á athdhearbhú go gcáineann sí gach cineál ciníochais, éadulaingthe, seineafóibe agus idirdhealaithe bunaithe ar chine, eitneacht, náisiúntacht, aicme shóisialta, míchumas, sainaicme, reiligiún, creideamh, aois, gnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne; ag cáineadh bhagairt idirnáisiúnta mhéadaitheach na fuathchainte, lena n-áirítear ar líne; á athdhearbhú go bhfuil ról ríthábhachtch ag an oideachas agus ag idirphlé maidir le caoinfhulaingt, tuiscint agus éagsúlacht a chur chun cinn; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a bheith ar thús cadhnaíochta sa chomhrac domhanda i gcoinne gach cineál antoisceachais agus á chur in iúl gur geal léi gur glacadh straitéis an Aontais chun na críche sin;	32. á athdhearbhú go gcáineann sí gach cineál ciníochais, éadulaingthe, seineafóibe agus idirdhealaithe bunaithe ar ***ghnéas, cine, dath,*** eitneachas, náisiúntacht, ***bunús sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga***, míchumas, creideamh, ***ó mhionlach, maoin, breith***, aois, gnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne***; á chur i bhfios go láidir go mbíonn sáruithe ar chearta i ngach réimse den saol mar thoradh ar idirdhealú ar aon fhoras, lena n-áirítear rochtain ar oideachas, ar chúram sláinte agus, go háirithe, ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe, ar obair agus ar rochtain ar cheartas; á iarraidh an athuair ar na Ballstáit straitéisí, beartais agus cláir a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) grúpaí imeallaithe ban a chur chun cinn, agus chun na bacainní airgeadais, dlíthiúla, praiticiúla agus sóisialta atá rompu a dhíothú; ag cur***

béim ar an bhfíoras go bhfuil mná agus cailíní a fhulaingíonn cineálacha trasnacha idirdhealaithe an-leochaileach; ag cáineadh bhagairt idirnáisiúnta mhéadaitheach na fuathchainte, lena n-áirítear ar líne; á athdhearbhú go bhfuil ról ríthábhachtch ag an oideachas agus ag idirphlé maidir le caoinfhulaingt, tuiscint agus éagsúlacht a chur chun cinn; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a bheith ar thús cadhnaíochta sa chomhrac domhanda i gcoinne gach cineál antoisceachais agus á chur in iúl gur geal léi gur glacadh straitéis an Aontais chun na críche sin.

Leasú 56

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 33

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
33. á athdhearbhú go bhfuil sí i gcoinne phionós an bháis ar bhonn prionsabail, rud nach bhfuil ag luí leis an gceart chun na beatha, agus i gcoinne pionós cruálach, mídhaonna agus táireach atá dochúlaithe; á chur i bhfáth nach mór don Aontas a bheith gan staonadh agus díothú uilechoiteann phionós an bháis á shaothrú aige mar mórchuspóir dá bheartas eachtrach um chearta an duine; ag tabhairt dá haire, in ainneoin na treochta i roinnt tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad bearta a dhéanamh chun pionós an bháis a dhíothú, go bhfuil dúshláin shuntasacha fós ann ina leith sin; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil an leibhéal is airde bainte amach le cúig bliana anuas ag tíortha eile nach tíortha den Aontas Eorpach iad maidir le líon na bpianbhreitheanna báis a cuireadh i gcrích; á iarraidh an athuair go ndéanfadh gach tír deireadh iomlán a chur le pionós an bháis nó moratóir láithreach a bhunú mar chéad chéim i dtreo é a dhíothú;	33. á athdhearbhú go bhfuil sí i gcoinne phionós an bháis ar bhonn prionsabail, rud nach bhfuil ag luí leis an gceart chun na beatha, agus i gcoinne pionós cruálach, mídhaonna agus táireach atá dochúlaithe; á chur i bhfáth nach mór don Aontas a bheith gan staonadh agus díothú uilechoiteann phionós an bháis á shaothrú aige mar mórchuspóir dá bheartas eachtrach um chearta an duine; ag tabhairt dá haire, in ainneoin na treochta i roinnt tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad bearta a dhéanamh chun pionós an bháis a dhíothú, go bhfuil dúshláin shuntasacha fós ann ina leith sin; ***á chur i bhfáth gurb é aidhm an cheartais choiriúil i gcónaí ath-imeascadh sóisialta ciontóirí, íospartaigh a chúiteamh as caillteanas nó damáiste agus athchiontú a chosc;*** á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil an leibhéal is airde bainte amach le cúig bliana anuas ag tíortha eile nach tíortha den Aontas Eorpach iad maidir le líon na bpianbhreitheanna báis a cuireadh i gcrích; á iarraidh an athuair go ndéanfadh gach tír

deireadh iomlán a chur le pionós an bháis nó moratóir láithreach a bhunú mar chéad chéim i dtreo é a dhíothú;

Leasú 57

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 34

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
34. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di sáruithe ar an gceart chun saoirse smaointeoireachta, coinsiasa, reiligiúin agus creidimh; á chur in iúl gur saoth léi ionstraimiú féiniúlachtaí reiligiúnacha nó creidimh chun críoch polaitiúil agus mionlaigh reiligiúnacha agus creidimh agus daoine ar de mhionlaigh reiligiúnacha agus creidimh iad a eisiamh i dtíortha áirithe nach tíortha den Aontas Eorpach iad; á mholadh go dtabharfaí níos mó acmhainní don Toscaire Speisialta chun saoirse reiligiúin nó creidimh lasmuigh den Aontas a chur chun cinn agus a chosaint ionas gur féidir leis a shainordú a chur i gcrích go compordach; á thabhairt chun suntais gur gá don Toscaire Speisialta leanúint de bheith ag obair go dlúth agus ar bhealach comhlántach le ISAE um Chearta an Duine agus le Meitheal na Comhairle um Chearta an Duine; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí an ceart chun saoirse smaointeoireachta, coinsiasa, reiligiúin nó creidimh a chumhdach, na saincheisteanna sin a tharraingt anuas i bhfóraim na Náisiún Aontaithe um chearta an duine agus chun leanúint de bheith ag obair le sásraí agus coistí ábhartha na Náisiún Aontaithe;	34. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di sáruithe ar an gceart chun saoirse smaointeoireachta, coinsiasa, reiligiúin agus creidimh; á chur in iúl gur saoth léi ionstraimiú féiniúlachtaí reiligiúnacha nó creidimh chun críoch polaitiúil agus mionlaigh reiligiúnacha agus creidimh agus daoine ar de mhionlaigh reiligiúnacha agus creidimh iad a eisiamh i dtíortha áirithe nach tíortha den Aontas Eorpach iad; ***ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhféadfadh foréigean agus idirdhealú inscnebhunaithe a bheith mar thoradh ar mhí-úsáid creideamh reiligiúnach, rud a d'fhéadfadh tionchar díréireach a imirt ar mhná agus ar chailíní trí chleachtais amhail pósadh éigeantais, ciorrú ball giniúna ban, srianta ar oideachas agus teorainneacha ar shaoirsí pearsanta***; á mholadh go dtabharfaí níos mó acmhainní don Toscaire Speisialta chun saoirse reiligiúin nó creidimh lasmuigh den Aontas a chur chun cinn agus a chosaint ionas gur féidir leis a shainordú a chur i gcrích go compordach; á thabhairt chun suntais gur gá don Toscaire Speisialta leanúint de bheith ag obair go dlúth agus ar bhealach comhlántach le ISAE um Chearta an Duine agus le Meitheal na Comhairle um Chearta an Duine; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí an ceart chun saoirse smaointeoireachta, coinsiasa, reiligiúin nó creidimh a chumhdach, na saincheisteanna sin a tharraingt anuas i bhfóraim na Náisiún Aontaithe um chearta an duine agus chun

leanúint de bheith ag obair le sásraí agus coistí ábhartha na Náisiún Aontaithe;

Leasú 58

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 35

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
35. ag cur béim ar a thábhachtaí atá an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an rochtain ar fhaisnéis iontaofa chun an daonlathas agus spás sibhialta rathúil a chothú; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na srianta méadaitheacha atá á gcur ar an tsaoirse tuairimí a nochtadh in go leor tíortha ar fud an domhain, go háirithe le haghaidh iriseoirí, trí chinsireacht, féinchinsireacht fhorfheidhmithe, agus an mhí-úsáid a bhaintear as dlíthe frithsceimhlitheoireachta nó as dlíthe frith-éillithe chun iriseoirí agus eagraíochtaí sochaí sibhialta a chur faoi chois; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, ina theannta sin, slándáil fhisiciúil iriseoirí agus oibrithe sna meáin agus an chaoi a ndéantar spriocdhíriú orthu i limistéir choinbhleachta;	35. ag cur béim ar a thábhachtaí atá an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an rochtain ***neamhshrianta*** ar fhaisnéis iontaofa ***neamhspleách*** chun an daonlathas agus spás sibhialta rathúil ***agus saor*** a chothú ***gan ionramháil nó srianta***; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na srianta méadaitheacha atá á gcur ar an tsaoirse tuairimí a nochtadh ***agus saoirse tionóil*** in go leor tíortha ar fud an domhain, go háirithe le haghaidh iriseoirí, trí chinsireacht, féinchinsireacht fhorfheidhmithe, agus an mhí-úsáid a bhaintear as dlíthe frithsceimhlitheoireachta nó as dlíthe frith-éillithe chun iriseoirí, eagraíochtaí sochaí sibhialta***, polaiteoirí an fhreasúra agus, sna cásanna is measa, dlíodóirí*** a chur faoi chois; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, ina theannta sin, slándáil fhisiciúil ***polaiteoirí an fhreasúra, easaontóirí,*** dlíodóirí, iriseoirí agus oibrithe sna meáin agus an chaoi a ndéantar spriocdhíriú orthu i limistéir choinbhleachta;

Leasú 59

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 39

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
39. á chur in iúl gur saoth léi nach n-urramaítear an ceart chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin shaora agus chóra i réimis fhorlámhacha agus neamhliobrálacha; á thabhairt chun suntais go mbíonn	39. á chur in iúl gur saoth léi nach n-urramaítear an ceart chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin shaora agus chóra i réimis fhorlámhacha agus neamhliobrálacha; á thabhairt chun suntais go mbíonn

toghcháin bhréige ag na réimis sin agus é mar aidhm leo a gcumhacht a dhaingniú, cionn is nach bhfuil fíoriomaíocht pholaitiúil ná fíor-iolrachas polaitiúil acu;	toghcháin bhréige ag na réimis sin agus é mar aidhm leo a gcumhacht a dhaingniú, cionn is nach bhfuil fíoriomaíocht pholaitiúil ná fíor-iolrachas polaitiúil acu; ***ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé ceannaireacht pholaitiúil agus rannpháirtíocht na mban a chur chun cinn le linn próisis dhaonlathacha a neartú agus ionadaíocht éagsúil a áirithiú;***

Leasú 60
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 41

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
41. á thabhairt chun suntais gur minic i roinnt mhaith réigiún ar domhan gurb iad na micrifhiontair agus na fiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna) a thugann spreagadh do gheilleagair áitiúla; á chur i bhfios go láidir gurb ionann MFBManna agus 90 % de ghnólachtaí, 60 % go 70 % den fhostaíocht agus 50 % den olltáirgeacht intíre ar fud an domhain; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá MFBManna ar a mhéid a rannchuidíonn siad le Clár Oibre 2030 agus leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, eadhon na spriocanna sin maidir le deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus obair chuibhiúil do chách;	41. á thabhairt chun suntais gur minic i roinnt mhaith réigiún ar domhan gurb iad na micrifhiontair agus na fiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna) a thugann spreagadh do gheilleagair áitiúla; á chur i bhfios go láidir gurb ionann MFBManna agus 90% de ghnólachtaí, 60% go 70% den fhostaíocht agus 50% den olltáirgeacht intíre ar fud an domhain; ***á aithint go bhféadfadh dúshláin uathúla a bheith roimh MFBManna atá faoi stiúir ban le linn rochtain a fháil ar acmhainní agus ar dheiseanna, mar gheall, i bpáirt, ar idirdhealú córasach inscne; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá tacaíocht chun a bhfás agus ar a gcuimsiú a fheabhsú chun iomaíochas sa mhargadh domhanda a choinneáil agus chun rochtain leordhóthanach ar iasachtaí agus ar chreidmheas, ar aingil ghnó agus ar chaipitlithe fiontair a áirithiú, ar cheart iad a chur chun cinn trí chláir agus trí chistí an Aontais, agus tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta chun rochtain a fháil ar mhicreamhaoiniú; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór do AE agus dá Bhallstáit bacainní a bhaint do mhná gnóthaí a thosú agus úinéireacht a bheith acu orthu chun an bhearna idir na hinscní san fhiontraíocht a dhúnadh;*** á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá

MFBManna ar a mhéid a rannchuidíonn siad le Clár Oibre 2030 agus leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, eadhon na spriocanna sin maidir leis an mbochtaineacht a dhíothú agus obair chuibhiúil do chách.

Leasú 61
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 42

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
42. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an bhagairt a d'fhéadfadh a bheith ag an intleacht shaorga (IS) do dhaonlathas agus do chearta an duine, go háirithe mura ndéantar í a rialáil go cuí; á chur in iúl gur geal léi na conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Dhigiteach an 26 Meitheamh 2023 chun ról agus ceannaireacht an Aontais sa rialachas digiteach domhanda a neartú, go háirithe a sheasamh mar chruthaitheoir ar an leabhar rialacha digiteacha domhanda; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, gurb é is aidhm do ghlacadh Ghníomh an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le IS chun cearta an duine a chosaint, agus ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag IS do dhea-bhail an duine; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na héifeachtaí díobhálacha atá ag 'tionscal an ábhair bhréige' ar an gceart chun faisnéise agus saoirse an phreasa, lena n-áirítear forbairt thapa IS agus cumhachtú thionscal na bréagaisnéise ina dhiaidh sin[12] ***;***	42. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an bhagairt is féidir a bheith ag an intleacht shaorga (IS) do dhaonlathas agus do chearta an duine, ***agus buntáistí AI agus teicneolaíochtaí nua á n-aithint chomh maith***; ***á athdhearbhú gur gá aird pholaitiúil níos mó a thabhairt ar na hathruithe móra a éiríonn ó chórais IS, a fhéadfaidh, i measc nithe eile, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní uile a chur chun cinn; á chur i bhfios gur baolach go gcruthófar nó go mbuanófar neamhionannais agus claontachtaí inscne inár sochaithe trí IS, agus gur baolach go ndéanfar cibearfhoréigean agus foréigean fisiciúil a dhreasú, i gcoinne na mban, mura ndéanfar gníomhaíocht leormhaith; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Gníomh an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga, ina bhfuil ardleibhéil chosanta ionsuite do chearta bunúsacha agus do chomhionannas inscne, arb é is aidhm dó comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le IS chun cearta an duine a chosaint, agus ar na buntáistí is féidir a bheith ag IS do dhea-bhail an duine; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht reachta; ag cur béim ar thábhacht oideachas na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta***

agus na matamaitice (ETIM) chun scileanna atá dírithe ar an todhchaí a thabhairt do mhná agus do chailíní, chun rochtain ar fhostaíocht a chumasú agus chun dúshlán steiréitíopaí inscne a thabhairt, ar steiréitíopaí iad a rangaigh na réimsí sin go traidisiúnta mar réimsí ina bhfuil ceannas ag fir; á iarraidh ar an Aontas, ar na Ballstáit agus ar chomhpháirtithe idirnáisiúnta dlús a chur leis na hiarrachtaí domhanda chun foghlaim ETIM a chur chun cinn agus a spreagadh ó aois óg chun a áirithiú nach mbeidh cailíní agus mná faoi mhíbhuntáiste éagórach agus fostaíocht á lorg acu níos déanaí sna hearnálacha eolaíocha agus teicniúla, rud a mhéadóidh rochtain agus ceannaireacht na gcailíní agus na mban ar ETIM agus ar oideachas agus gairmeacha theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór tús áite a thabhairt don chomhionannas inscne sa phróiseas córais IS a choincheapú agus a thógáil; á chur in iúl gur geal léi na conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Dhigiteach an 26 Meitheamh 2023 chun ról agus ceannaireacht an Aontais sa rialachas digiteach domhanda a neartú, go háirithe a sheasamh mar chruthaitheoir ar an leabhar rialacha digiteacha domhanda; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, gurb é is aidhm do ghlacadh Ghníomh an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le IS chun cearta an duine a chosaint, agus ar na buntáistí is féidir a bheith ag IS do dhea-bhail an duine; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na héifeachtaí díobhálacha atá ag 'tionscal an ábhair bhréige' ar an gceart chun faisnéise agus saoirse an phreasa, lena n-áirítear forbairt thapa IS agus cumhachtú thionscal na bréagaisnéise ina dhiaidh sin*[1a]*.**

*[1a] **Tuairisceoirí gan Teorainneacha,***

‘Innéacs Domhanda Shaoirse an Phreasa 2023 – iriseoireacht faoi bhagairt ag tionscal an ábhair bhréige’ https://rsf.org/en/2023-world-press-freedom-index-journalism- threated-fake-content-industry.

[12] Tuairisceoirí gan Teorainneacha, ‘Innéacs Domhanda Shaoirse an Phreasa 2023 – iriseoireacht faoi bhagairt ag tionscal an ábhair bhréige’ https://rsf.org/en/2023-world-press-freedom-index-journalism- threated-fake-content-industry.

Leasú 62

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 42 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	42a. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh i mBealtaine 2024 Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta, darbh aidhm a áirithiú go raibh na gníomhaíochtaí laistigh de thimthriall chórais IS go hiomlán comhsheasmhach le cearta an duine, an daonlathas agus an smachta reachta; á athdhearbhú gur gá aird reachtach níos mó a thabhairt ar na hathruithe móra a éiríonn ó ghníomhaíochtaí laistigh de shaolré chórais IS, a fhéadfaidh rathúnas an duine, folláine aonair agus shóisialta, forbairt inbhuanaithe, comhionannas inscne, agus cumhachtú na mban agus na gcailíní uile a chur chun cinn, ach a bhfuil an baol ag baint leo chomh maith go gcruthófar neamhionannais nó go gcuirfear leo agus go ndreasófar cibearfhoréigean agus foréigean fisiciúil, lena n-áirítear foréigean a fhulaingíonn mná agus daoine aonair i staideanna leochaileacha;

Leasú 63

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 42 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	42b. á athdhearbhú gur gá creat dlíthiúil is infheidhme ar fud an domhain a bhunú lena leagfar amach prionsabail ghinearálta agus rialacha comhchoiteanna chun gníomhaíochtaí a rialú ar feadh shaolré chórais IS, lena gcaomhnófar luachanna comhroinnte go héifeachtach agus lena mbainfear leas as tairbhí na hintleachta saorga chun na luachanna sin a chur chun cinn ar shlí a chuideoidh le nuálaíocht fhreagrach; ag spreagadh an Aontais chun tacú leis an nuálaíocht reachtach sin agus, mar sin, á iarraidh ar an gCoimisiún díriú níos dlúithe ar na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann le córais mheaisínfhoghlama i réimse chearta an duine agus an daonlathais, chomh maith le comhdheiseanna agus foréigean in aghaidh na mban a chosc;

Leasú 64
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 43

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
43. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh an t-idirlíon ina áit ina bhfuil forlámhas ag an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh; á mheas, mar sin féin, gur gá cearta daoine aonair a urramú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, i gcás inarb infheidhme, gur cheart a mheas go bhfuil an méid a mheastar a bheith neamhdhleathach as líne, beidh sé neamhdhleathach ar líne; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá ag teacht ar líon na ndúnadh idirlín; á thabhairt chun suntais gur minic a úsáideann réimis fhorlámhacha, i measc réimis eile,	43. á mheas ***gur gá cearta gach duine aonair a urramú***; á chur i bhfáth, mar sin féin, gur cheart go mbeadh an t-idirlíon ina áit ina bhfuil forlámhas ag an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh; ***á chur i bhfios go láidir go mbíonn ar mhná agus ar chailíní ar líne dul i ngleic le ciapadh díréireach agus mí-úsáid (ghnéasach) dhíréireach***; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, i gcás inarb infheidhme, gur cheart a mheas go bhfuil an méid a mheastar a bheith neamhdhleathach as líne, beidh sé neamhdhleathach ar líne; ***á chur in iúl gur saoth léi aon úsáid domhainbhrionnuithe***

múchadh idirlín chun easaontas polaitiúil a chur ina thost agus chun srian a chur leis an tsaoirse pholaitiúil; á iarraidh go práinneach ar an Aontas an feiniméan scanrúil sin a chomhrac;

a ghintear le IS agus gníomhaíochtaí maslacha íomhábhunaithe eile i gcoinne na mban agus na gcailíní, ar féidir iarmhairtí tubaisteacha a bheith acu go léir ar shláinte fhisiciúil agus ar mheabhairshláinte na mban; ag tathant ar an Aontas coimircí a chur chun feidhme chun domhainbhrionnuithe díobhálacha a bhrath agus a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí digiteacha inscneshonracha faoi rialacháin IS; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá ag teacht ar líon na ndúnadh idirlín; á thabhairt chun suntais gur minic a úsáideann réimis fhorlámhacha, i measc réimis eile, múchadh idirlín chun easaontas polaitiúil a chur ina thost agus chun srian a chur leis an tsaoirse pholaitiúil; á iarraidh go práinneach ar an Aontas an feiniméan scanrúil sin a chomhrac;

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITEAS NÓ NA nDAOINE A bhFUIL IONCHUR FAIGHTE AG AN RAPÓIRTÉIR UATHU

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH DE RÉIR COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	12.12.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 24 –: 10 0: 0
Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Irmhild Boßdorf, Mélissa Camara, Margarita de la Pisa Carrión, Valérie Devaux, Elisabeth Dieringer, Viktória Ferenc, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Alexandra Geese, Arba Kokalari, Sebastian Kruis, Judita Laššáková, Eleonora Meleti, Irene Montero, Carolina Morace, Alessandra Moretti, Mirosława Nykiel, Giusi Princi, Emma Rafowicz, Joanna Scheuring-Wielgus, Benedetta Scuderi, Laurence Trochu, Maria Walsh, Lucia Yar, Dainius Žalimas
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Kathleen Funchion, Elisabeth Grossmann, Billy Kelleher
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Fredis Beleris, Jorge Buxadé Villalba, Mélanie Disdier, Geadis Geadi, Lukas Mandl, Alexandra Mehnert

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

24	+
PPE	Fredis Beleris, Arba Kokalari, Lukas Mandl, Alexandra Mehnert, Eleonora Meleti, Mirosława Nykiel, Giusi Princi, Maria Walsh
Renew	Valérie Devaux, Billy Kelleher, Lucia Yar, Dainius Žalimas
S&D	Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Elisabeth Grossmann, Alessandra Moretti, Emma Rafowicz, Joanna Scheuring-Wielgus
The Left	Kathleen Funchion, Irene Montero, Carolina Morace
Verts/ALE	Mélissa Camara, Alexandra Geese, Benedetta Scuderi

10	-
ECR	Geadis Geadi, Laurence Trochu
ESN	Irmhild Boßdorf
NI	Judita Laššáková
PfE	Jorge Buxadé Villalba, Elisabeth Dieringer, Mélanie Disdier, Viktória Ferenc, Sebastian Kruis, Margarita de la Pisa Carrión

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh